An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment, Climate and Communications

seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

**An Dara Plean maidir le Forbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta (OREDP II) – An suirbhé Comhairliúchán Poiblí**

Fáilte chuig tairseach comhairliúcháin ar An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Is féidir leat páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin phoiblí ar an suíomh seo. Úsáid an nasc brabhsála https://consult.decc.gov.ie/ga/content/public-consultation-draft-offshore-renewable-energy-development-plan-ii-oredp-ii chun amharc ar chomhairliúcháin oscailte agus atá ag teacht aníos nó iad a chuardach. Iarrtar ort i roinnt comhairliúchán clárú sular féidir leat aighneacht a dhéanamh.

Is próiseas aonuaire é an próiseas cláraithe agus is féidir do chuntas a úsáid le haghaidh gach ceann de chomhairliúcháin phoiblí an Roinn ar líne. Cuirfidh sé sin ar do chumas d'aighneachtaí a thaifeadadh thar roinnt comhairliúchán agus dul chun cinn aighneachtaí atá comhlánaithe i bpáirt a shábháil agus iad a chomhlánú níos déanaí.

Seachas mar a éilítear sa dlí, tá d'fhaisnéis phearsanta mar sonraí teagmhála a bhailítear mar chuid den phróiseas comhairliúcháin faoi chosaint ag reachtaíocht cosaint sonraí.

Is é an dáta deiridh ar a nglacfar le haighneachtaí ná **11.59pm an 20 Aibreán 2023**

Ba cheart aighneachtaí a sheoladh le ríomhphost chuig OffshoreEnergyConsultation@decc.gov.ie nó le casadh an phoist chuig: An Rannán um an Timpeallacht Amach ón gCósta agus um Thoiliú, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 29 – 31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2, D02 X285.

Tá cóip den dréachtleagan de OREDP II agus den Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ar fáil lena léamh trí choinne ag oifigí na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (ag an seoladh thuas) agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ag 3 Plás na Páirce, Sráid Haiste, Baile Átha Cliath, D02 FX65. Seol ríomhphost chuig OffshoreEnergyConsulation@decc.gov.ie chun coinne a shocrú.

An Dhréacht-Phlean maidir le Forbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta II (OREDP II) agus den Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus an aguisíní  téigh chuig an leathanach Gréasáin seo https://consult.decc.gov.ie/ga/content/public-consultation-draft-offshore-renewable-energy-development-plan-ii-oredp-ii

**Faisnéis Fút**

Ainm

Seoladh Ríomhphoist Teagmhála

Láthair

Más Eile, sonraigh le do thoil

An bhfuil do shuíomh cósta, uirbeach nó tuaithe? Roghnaigh le do thoil go léir atá ábhartha

- [ ] Limistéar Cósta
- [ ] Limistéar Uirbeach
- [ ] Limistéar Tuaithe
- [ ] Not applicable

Aois

Inscne

- ○ Baineann
- ○ Fireann
- ○ Eile
- ○ B'fhearr liom gan a rá

Más Eile, sonraigh le do thoil

Earnáil

Eile – sonraigh, le do thoil

An bhfuil tú ag freagairt thar ceann eagraíochta?

- ○ Tá. Táim ag freagairt thar ceann eagraíochta.
- ○ Níl. Táim ag freagairt mar dhuine aonair.

Má tá tú ag tabhairt freagra thar ceann eagraíochta, inis dúinn ainm na heagraíochta in iúl agus conas a cinneadh do fhreagraí ar na ceisteanna (e.g., comhairliúchán le baill foirne, ionchur ón bhfoireann ardbhainistíochta, ionchur ó dhaoine aonair, nó modhanna eile)

**Ginearálta**

An aontaíonn tú gur rud tábhachtach é Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta a fhorbairt i do cheantar áitiúil chun spriocanna fuinnimh agus aeráide na hÉireann a bhaint amach?

- ○ Aontaím go mór

- Aontaím
- Ní aontaím ná ní easaontaím
- Easaontaím
- Easaontaím go mór

An aontaíonn tú go soláthrófar tairbhí dearfacha áitiúla ón taobh eacnamaíoch agus sóisialta de agus ó thaobh an chomhshaoil de má fhorbraítear Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta i do cheantar áitiúil?

- Aontaím go mór
- Aontaím
- Ní aontaím ná ní easaontaím
- Easaontaím
- Easaontaím go mór

An aontaíonn tú go bhfuil sé cuí go mbeadh forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta sa todhchaí á treorú ag samhail phleantreoraithe a bhfuil rannpháirtíocht níos mó ag an stát i gceist léi, in ionad an fhorbairt sin a bheith faoi threoir ag forbróirí/ag tionscadail?

- Aontaím go mór
- Aontaím
- Ní aontaím ná ní easaontaím
- Easaontaím
- Easaontaím go mór

**Mórlimistéir Leasa a Shainaithint**

Baineadh úsáid as roinnt critéar sa dréachtleagan de OREDP II chun léarscáiliú a dhéanamh ar limistéir atá oiriúnach ón taobh teicniúil de d'fhuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus ar thosca agus gníomhaíochtaí eile atá ábhartha do phleanáil sa todhchaí. Is iad sine:

- An fháil ar thacair sonraí áitiúla;
- Bataiméadracht/doimhneacht an uisce;
- An ghaireacht d'ionaid éilimh leictreachais;
- Deiseanna tionsclaíocha;
- An ghaireacht d'idirnascairí atá ann cheana/atá beartaithe;
- Bonneagar tacaíochta ar talamh;
- Acmhainneacht na hacmhainne gaoithe le haghaidh bonneagar snámhach gaoithe amach ón gcósta

An aontaíonn tú gur féidir na critéir sin a chur i bhfeidhm maidir leis an bpróiseas um Mórlimistéir Leasa a shainaithint?

*Féach Rannán 11 den dréachtleagan de OREDP II chun tuilleadh faisnéise a fháil.*

- ○ Aontaím go mór
- ○ Aontaím
- ○ Ní aontaím ná ní easaontaím
- ○ Easaontaím
- ○ Easaontaím go mór

An bhfuil aon chritéir eile ann a gceapann tú gur cheart iad a bhreithniú le linn Mórlimistéir Leasa a shainaithint?

| |
|---|
| |

**OREDP II a Athbhreithniú**

An aontaíonn tú leis an gcur chuige beartaithe go n-athbhreithneofaí OREDP II gach cúig bliana ar a laghad, agus an bonn fianaise le haghaidh OREDP II a bheith á athrú chun dáta ar bhonn tráthrialta?

*Féach rannán 12.1 den dréachtleagan de OREDP II chun tuilleadh faisnéise a fháil*

- ○ Aontaím go mór
- ○ Aontaím
- ○ Ní aontaím ná ní easaontaím
- ○ Easaontaím
- ○ Easaontaím go mór

**Ár Spás Muirí a Chomhroinnt**

Cuirtear in iúl sa dréachtleagan de OREDP II gur féidir ár spás muirí a chomhroinnt chun cómhaireachtáil agus comhshuíomh fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta agus úsáidí agus gníomhaíochtaí muirí eile a spreagadh. Tá sé mar aidhm leis sin

na tairbhí nó úsáidí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a bhaintear as limistéar ar leith a uasmhéadú. An aontaíonn tú leis an tuairim sin?

- Aontaím go mór
- Aontaím
- Ní aontaím ná ní easaontaím
- Easaontaím
- Easaontaím go mór

An bhfuil aon mholtaí sonracha agat maidir le conas is féidir le forbairtí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta ár spás muirí a chomhroinnt le húsáidí agus gníomhaíochtaí muirí eile? (Cuir tic lena oiread roghanna agus is mian leat)

- [ ] Dobharshaothrú
- [ ] Bádóireacht
- [ ] Iascaireacht Tráchtála, lena n-áirítear iascaireacht le tráil, le dreidirí, le línte, le líonta agus le potaí
- [ ] Saoráidí Pobail
- [ ] Gníomhaíochtaí Cultúrtha
- [ ] Oideachas agus Oiliúint
- [ ] Báid Farantóireachta/Longa Crúsála/Iompar
- [ ] Caomhantas Oidhreachta
- [ ] Asbhaint Comhiomlán Muirí
- [ ] Taighde Muirí
- [ ] Spóirt uisce/fóillíocht eile
- [ ] Loingseoireacht
- [ ] Cosaint Speiceas agus Gnáthóg
- [ ] Turasóireacht, lena n-áirítear éiceathurasóireacht
- [ ] Eile

Tabhair breac-chuntas ar do mholtaí anseo:

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment, Climate and Communications

seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

**OREDP II a Chur Chun Feidhme**

Moltar cur chuige uile-rialtais a ghlacadh chun cur chun feidhme éifeachtach OREDP II a chinntiú.

An aontaíonn tú leis an Struchtúr Rialachais atá beartaithe chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas seo, i.e., an Grúpa Stiúrtha agus an Fhoireann Tionscadail atá comhdhéanta den Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, de Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, atá ag fáil comhairle ó Ghrúpa Comhairleach, ó Ghrúpa Sonraí agus Eolaíoch agus ó Ghrúpa Comhshaoil?

*Féach rannán 12.2 den dréachtleagan de OREDP II chun faisnéis a fháil.*

- ○ Aontaím go mór
- ○ Aontaím
- ○ Ní aontaím ná ní easaontaím
- ○ Easaontaím
- ○ Easaontaím go mór

**Sonraí atá le cur san áireamh**

I do thuairim, an bhfuil na critéir a forbraíodh chun sonraí a mheasúnú oiriúnach dá gcur ar áireamh in OREDP II? Áirítear iad seo leo:

- Ábharthacht (i.e., tá na sonraí faoi réim shainchúram OREDP II, tá na sonraí tábhachtach laistigh den Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí)
- Ábharthacht spáis (i.e., tá na sonraí ábhartha don limistéar muirí ina iomláine)
- Foinse (i.e., sonraí a tháinig as seiceálacha cáilíochta go rathúil)
- Inrochtaineacht (i.e., tá na sonraí ar fáil agus i bhformáid oiriúnach)
- Bailíocht ó thaobh ama de (i.e., bailíodh na sonraí le déanaí, a bheag nó a mhór)

*Féach rannán 7.2 den dréachtleagan de OREDP II chun tuilleadh faisnéise a fháil.*

- ○ Tá
- ○ Níl

**Tuarascálacha Timpeallachta**

An bhfuil sé amhlaidh, i do thuairim, go gcumhdaítear na nithe ábhartha uile leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus leis an Measúnacht Chuí a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin dréachtleagan de OREDP II?

- [ ] Ní heol dom / níor léigh mé an Mheasúnacht Chuí ná an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta
- [ ] Tá
- [ ] Níl

Mura bhfuil, mínigh le do thoil

**Faisnéis Bhreise Roghnach**

Tabhair dúinn aon fhaisnéis ábhartha eile maidir leis an dréachtleagan de OREDP II, e.g., cur chun feidhme, bainistíocht, pleananna réigiúnacha sa todhchaí, etc.

## Cosaint Sonraí

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment, Climate and Communications

seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

Táimid tiomanta do dhul i dteagmháil le gach geallsealbhóir ar bhealach soiléir, oscailte agus trédhearcach. Féadfaidh aon duine nó eagraíocht aighneacht a dhéanamh i ndáil leis an gcomhairliúchán seo. Breithneofar na haighneachtaí uile agus an t-aiseolas ar fad sula bhfoilseofar an leagan deiridh den dara Plean maidir le Forbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta.

Tabhair faoi deara go bhfuil freagraí ar an gcomhairliúchán seo faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, faoi réir fhorálacha na Rialachán um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol, 2007-2018, agus faoi réir fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí, 2018.

Tabhair faoi deara freisin go bhfuil sé de rún againn a bhfuil sna haighneachtaí uile a gheofar mar fhreagra ar ár gcomhairliúcháin a fhoilsiú ar ár suíomh Gréasáin. Cuirfimid sonraí pearsanta in eagar roimh fhoilsiú. Agus freagra á thabhairt acu ar an gcomhairliúchán seo, ba cheart do pháirtithe béim a leagan go soiléir ar na háiteanna ina gcuimsítear sna freagraí uathu faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó faisnéis faoi rún nár mhaith leo go scaoilfí í faoi Shaoráil Faisnéise nó faoi Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol ná go bhfoilseofaí í ar shlí eile.

Ba mhaith linn d’aird a tharraingt ar ár bhFógra Cosanta Sonraí https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochtai/dfd02-data-protection/ rud ina mínítear conas agus cén uair a bhailímid sonraí pearsanta, cén fáth a mbailímid iad agus conas a chaithimid leis an bhfaisnéis sin. Mínítear ann freisin na cearta atá agat i ndáil le bailiú faisnéise pearsanta agus conas a fhéadfaidh tú na cearta sin a fheidhmiú.

**Ráiteas maidir leis an mbeartas cosanta sonraí**

**Cosaint Sonraí**

Is de réir ár mbeartais príobháideachta sonraí anseo a phróiseálfar na sonraí pearsanta a thabharfaidh tú san aighneacht seo.

☐ Tá an beartas príobháideachta sonraí léite agam*